# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2015

## CUNTASAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

**(400 marc)**

DÉ LUAIN 15 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 5.00

**Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn**:

| **Roinn 1**: **Cuntasaíocht Airgeadais** (120 marc). |
|---|
| Tá ceithre cheist sa roinn seo (Uimhir 1 - 4). Tá 120 marc ag gabháil leis an gcéad cheist agus 60 marc an ceann ag gabháil leis na trí cheist eile.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile as an roinn seo. |

| **Roinn 2**: **Cuntasaíocht Airgeadais** (200 marc). |
|---|
| Tá trí cheist sa roinn seo (Uimhir 5 - 7). Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist díobh.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt. |

| **Roinn 3**: **Cuntasaíocht Bhainistíochta** (80 marc). |
|---|
| Tá dhá cheist sa roinn seo (Uimhir 8 agus 9). Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist díobh.<br>Ba chóir d'iarrthóirí ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt. |

| **Áireamháin** |
|---|
| Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus na ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt. Tá sé fíorthábhachtach go dtaispeánfar an t-oibriú amach s(n)a f(h)reagarleabha(i)r sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair atá ceart. |

**ROINN 1 (120 marc)**
Freagair **Ceist 1** NÓ **DHÁ** cheist ar bith eile

## 1. Cuntais Chríochnaitheacha Cuideachta

Tá Caipiteal Údaraithe de €1,500,000 ag Melba Teo., roinnte ina 1,100,000 Gnáthscair ar €1 an ceann agus 400,000 Scair Thosaíochta 4% ar €1 an ceann. Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as a leabhair ar 31/12/2014:

| | € | € |
|---|---|---|
| Foirgnimh ar a gcostas | 713,000 | |
| Veaineanna seachadta (costas €250,000) | 170,000 | |
| Lascaine (Glan) | | 12,200 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2014 | 62,200 | |
| Stoic ar lámh 01/01/2014 | 74,500 | |
| Ús bintiúir do na chéad sé mhí | 16,200 | |
| Infheistíochtaí 3% 01/01/2014 | 350,000 | |
| Paitinní (ioncam infheistíochta 4 mhí san áireamh) | 21,500 | |
| Ceannacháin agus díolacháin | 1,120,000 | 1,495,000 |
| Díbhinní íoctha | 25,000 | |
| Soláthar in aghaidh drochfhiach | | 4,000 |
| Féichiúnaithe agus creidiúnaithe | 99,200 | 81,100 |
| Banc | | 50,000 |
| Tuarastail agus speansais ghinearálta (fionraí san áireamh) | 231,100 | |
| Bintiúir 8% | | 400,000 |
| Scairchaipiteal eisithe – gnáthscaireanna | | 500,000 |
| – scaireanna tosaíochta 4% | | 300,000 |
| CBL | | 5,000 |
| Fógraíocht | 9,600 | |
| Cúlchiste caipitil | | 45,000 |
| | 2,892,300 | 2,892,300 |

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

(i) Bhí luach €80,400 ar an stoc ar a chostas ar 31/12/2014 – cuimsíonn an figiúr seo stoc damáistithe a chosain €6,600 ach a bhfuil luach glan inréadaithe de €3,200 anois air.

(ii) Tá paitinní, a chuimsíonn ioncam infheistithe 4 mhí, le díscríobh thar thréimhse 5 bliana ag tosú in 2014.

(iii) Tarlaíonn an figiúr don fhionraí toisc gur breacadh figiúr mícheart d'ús bintiúir (cé go ndearnadh an iontráil cheart sa chuntas bainc) agus lascaine €400 a lamháladh nár breacadh ach sa chuntas lascaine amháin.

(iv) Le linn na bliana, scrios dóiteán stoc a chosain €6,000. Bhí an chuideachta árachais sásta €5,000 a íoc mar chúiteamh.

(v) Soláthar le déanamh in aghaidh dímheasa ar veaineanna seachadta ar ráta bliantúil 15% dá gcostas ó dháta a gceannaigh go dtí dáta a ndíola. NÓTA: Ar 31/03/2014, trádáladh isteach veain seachadta a chosain €30,000 ar 31/03/2011, in aghaidh veain nua a chosain €56,000. Lamháladh €8,000 i leith na seanveain. Iontráladh an seic ar ghlanmhéid an bhirt seo sa chuntas bainc, ach caitheadh go hearráideach leis mar cheannachán stoc trádála. Ba iad seo amháin na hiontrálacha a rinneadh sna leabhair maidir leis an mbeart seo.

(vi) Ceannaíodh trádstóras nua le linn na bliana ar €100,000 móide CBL 13%. Iontráladh an méid a íocadh leis an díoltóir sa chuntas foirgneamh. Ní dhearnadh iontráil ar bith sa chuntas CBL.

(vii) Baineadh an figiúr bainc sa Chomhardú Trialach as cuntas bainc an ghnólachta. Tá ráiteas bainc, dar dáta 31/12/2014, tagtha isteach agus rótharraingt de €46,690 á léiriú ann, áfach. Tháinig na neamhréitigh seo a leanas chun solais nuair a cuireadh an cuntas bainc agus an ráiteas bainc i gcomparáid lena chéile:
1. Íocadh ioncam infheistíochta dhá mhí go díreach isteach sa bhanc.
2. Glacadh le híocaíocht ó leachtaitheoir go díreach isteach sa bhanc. Ba é seo an chéad íocaíocht agus an íocaíocht deiridh de 25c san euro maidir le fiach €4,000.
3. Seic ar €560 a eisíodh chuig gnólacht fógraíochta, ní raibh sé seachadta chun íoctha faoi 31/12/2014.

(viii) Tá na Stiúrthóirí ag moladh:
1. Gur chóir soláthar a dhéanamh d'Ioncam Infheistíochta agus d'Ús Bintiúir dlite araon.
2. Gur chóir soláthar in aghaidh drochfhiach a choigeartú go dtí 4% de na féichiúnaithe.
3. Gur chóir dímheas a dhéanamh ar fhoirgnimh de réir 2% dá gcostas.
4. Gur chóir coimisiún bónais 3% ar gach díolachán os cionn €900,000 a íoc leis an stiúrthóir bainistíochta agus 5% sa bhreis i leith gach díolacháin os cionn €1,200,000.

**Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú**:

**(a)** Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar críoch 31/12/2014. (75)

**(b)** Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2014. (45)

**(120 marc)**

**2. Dímheas ar Shócmhainní Seasta**

Ullmhaíonn Euro Teo., déantóir éadaí spóirt, a gcuntais deiridh go dtí 31 Nollaig gach bliain. Is é polasaí na cuideachta é a cuid innealra a dhímheas de réir méid chothroim thar thréimhse 10 mbliana. Meastar an dramhluach ag 5% de phraghas tosaigh an mheaisín. Cuirtear dímheas i bhfeidhm ón dáta ceannaigh go dtí an dáta díola.
(Áirítear na suimeanna go dtí an euro is gaire.)

Ar 01/01/2013, bhí na meaisíní seo a leanas ag Euro Teo.:

Uimh. 1 a ceannaíodh ar 01/07/2010 ar €50,000
Uimh. 2 a ceannaíodh ar 01/09/2011 ar €65,000
Uimh. 3 a ceannaíodh ar 01/01/2012 ar €75,000

Ar 01/03/2013, milleadh Meaisín Uimh. 1 mar thoradh ar mhífheidhm a scrios braiteoir an mhótair go hiomlán. D'íoc an chuideachta árachais €25,000 mar chúiteamh ar an damáiste seo agus fuarthas €500 ó mhangaire dramh-mhiotail ar dhíolachán an mheaisín. Ar an dáta céanna, ceannaíodh meaisín nua, Uimh. 4, ar chostas €60,000 le cur in ionad Mheaisín Uimh. 1.

Rinneadh mionathrú ar mhótar mheaisín Uimh. 3 ar 01/01/2014 ar chostas €4,000 chun a tháirgiúlacht a mhéadú. Is é an dímheas i leith an mhionathraithe seo ná €475 sa bhliain,

Ar 01/04/2014, trádáladh isteach Meaisín Uimh. 2 ar €27,500 in aghaidh Meaisín Nua, Uimh. 5, a chosain € 55,000. Íocadh iarmhéid an phraghais cheannaigh láithreach. Chosain seachadadh an mheaisín €2,000 agus chosain sé €400 é a shuiteáil.

**Iarrtar ort na cuntais seo a leanas, mar aon leis an oibriú amach, a thaispeáint do gach ceann den dá bhliain 2013 agus 2014**:

**(a)** Cuntas an Innealra. (6)
**(b)** An Cuntas Soláthair in aghaidh Dímheasa. (32)
**(c)** An Cuntas Diúscartha Innealra. (14)
**(d)** (i) Mínigh cén fáth a ngearrann cuideachta dímheas nuair a bhíonn an brabús á ríomh.
(ii) Liostaigh na tosca ba chóir a chur san áireamh nuair a bhíonn an polasaí dímheasa maidir le sócmhainn ar leith á shocrú. (8)

**(60 marc)**

**3. Ráiteas Táblach**

Léirítear staid airgeadais Vata Teo., grósaeir, ar 01/01/2014 sa chlár comhardaithe seo a leanas:

| Clár Comhardaithe mar a bhí ar 01/01/2014 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **Costas** | **Dímheas go dáta** | **Glan** | **Iomlán** |
| **Sócmhainní Seasta** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Cáilmheas (costas €55,000) | | | | 45,000 |
| Talamh & foirgnimh | 690,000 | 55,100 | 634,900 | |
| Trealamh | 30,000 | 2,500 | 27,500 | |
| Veaineanna seachadta | 86,000 | 32,000 | 54,000 | |
| | 806,000 | 89,600 | 716,400 | 716,400 |
| | | | | 761,400 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Stoc | | 73,600 | | |
| Árachas réamhíoctha | | 1,000 | | |
| Féichiúnaithe | | 52,900 | 127,500 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: **suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain** | | | | |
| Creidiúnaithe | | 82,300 | | |
| Banc | | 11,900 | | |
| Speansais dlite | | 3,700 | 97,900 | 29,600 |
| | | | | 791,000 |
| **Maoinithe ag** | | | | |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | |
| Údaraithe - 750,000 gnáthscair @ €1 an ceann | | | | |
| Eisithe - 480,000 gnáthscair @ €1 an ceann | | 480,000 | | |
| Scairbhiseach | | 75,000 | | |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais | | 236,000 | | 791,000 |
| | | | | 791,000 |

Rinneadh na bearta seo a leanas le linn 2014:

Ean Cheannaigh Vata Teo. gnólacht béal dorais ar 01/01/2014 a chuimsigh foirgnimh €240,000, veaineanna seachadta €42,000 agus creidiúnaithe €54,000. Glanadh an praghas ceannaigh trí 220,000 scair in Vata Teo. a thabhairt don díoltóir ar bhiseach 20c an scair.

Fea Ghlac creidiúnaí a raibh €2,500 dlite dó ag Vata Teo. le cuisneoir/reoiteoir, a raibh luach €2,200 air de réir na leabhar, mar shocrú iomlán ar an bhfiach. Chosain an cuisneoir/reoiteoir seo €4,000.

Aib Shocraigh Vata Teo. an talamh agus na foirgnimh a athluacháil ar 01/04/2014 ag €990,000. Sciar na talún sa luach nua ná €170,000.

Bea Fuarthas ráiteas bainc ag deireadh na Bealtaine a léirigh dochar díreach de €3,600 chun árachas dóiteáin a íoc don bhliain dar críoch 31/03/2015, agus aistriú creidmheasa €8,600 chun 10 mí de chíos infhála roimh ré a chlúdach ó 1 Bealtaine.

Iúil Rinneadh veain seachadta, a chosain €15,000 agus a raibh luach €3,000 uirthi de réir na leabhar, a thrádáil isteach in aghaidh veain nua a chosain €24,000 ar 01/07/2014. Rinneadh lamháltas €4,500 i leith na seanveain.

Samh Fuarthas íocaíocht €1,260 ó T Mac Donncha, féichiúnaí, ar díscríobhadh a fhiach cheana agus a dteastaíonn uaidh anois trádáil le Vata Teo. arís. Is ionann sin agus 90% den bhunfhiach agus ghabh an féichiúnaí air féin an chuid eile den fhiach a íoc i mí Eanáir 2015. An lá céanna díoladh earraí ar luach €720 ar cairde le Mac Donncha. Seo ardú marcála de 20%.

Noll Tá dímheas le déanamh ar na foirgnimh don bhliain de réir ráta 2% dá luach ar 01/04/2014.
Déan veaineanna seachadta a dhímheas de réir ráta 20% dá gcostas sa bhliain ón dáta ceannaigh go dtí an dáta díola.

**Iarrtar ort**:
An tionchar a bhí ag gach ceann de na bearta thuas ar an tsócmhainn ábhartha agus ar an dliteanas ábhartha a thaifeadadh i ráiteas táblach, agus na sócmhainní agus na dliteanais iomlána ar 31/12/2014 a aimsiú.

**(60 marc)**

**4. Cuntais Feirme**

Ar shócmhainní agus ar dhliteanais Sheáin agus Elaine Uí Dhálaigh, a bhfuil gnó feirmeoireachta measctha ar siúl acu, ar 01/01/2014 tá: Talamh agus Foirgnimh ar chostas €450,000; Feithiclí agus Innealra ar chostas €82,000; Leictreachas dlite €330; Luach Eallaigh €60,000; Luach Caorach €24,000; Seic bainne dlite €1,800; Stoc Breosla €620; Ioncam Infheistíochta 3 mhí dlite €300.

Is achoimre é seo a leanas a baineadh as a leabhar seic-íocaíochtaí agus a leabhar lóisteála don bhliain dar críoch 31/12/2014:

| Lóisteálacha | € | Íocaíochtaí Seic | € |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid 01/01/2014 | 27,200 | Leasachán | 2,500 |
| Bainne | 29,000 | Speansais ghinearálta feirme | 14,200 |
| Caoirigh | 28,000 | Pá déirí | 2,600 |
| Eallach | 14,000 | Caoirigh | 18,500 |
| Uain | 10,400 | Eallach | 12,600 |
| Laonna | 6,500 | Solas, teas agus breosla | 2,210 |
| Íocaíocht Aonair – Caoirigh | 2,100 | Innealra | 6,200 |
| Íocaíocht Aonair – Eallach | 3,500 | Deisiúcháin | 5,000 |
| Olann | 1,400 | Táillí tréidliachta agus cógais | 2,480 |
| Préimh foraoiseachta | 1,800 | Iasacht Bhainc móide ús 18 mí de réir 6% sa bhliain ar 30/4/2014 | 21,800 |
| Ús ó Bhanna Infheistíochta 3% | 600 | Iarmhéid 31/12/2014 | 36,120 |
| | €124,500 | | €124,500 |

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

| | | **Eallach** | **Caoirigh** |
|---|---|---|---|
| (i) | Luach Beostoic ar 31/12/2014 ná | €75,000 | €23,000 |

(ii) Táirgí feirme a d'úsáid an teaghlach le linn na bliana – Bainne €750; Uaineoil €580.

(iii) Cuimsíonn táillí tréidliachta agus cógais seic d'árachas sláinte an teaghlaigh de €1,500.

(iv) Tá speansais ghinearálta feirme, leasachán agus táillí tréidliachta agus cógais le cionroinnt sa chóimheas 70% ar 'Eallach agus Bainne' agus 30% ar 'Caoirigh'.

(v) Tá speansais agus costais eile le cionroinnt sa chóimheas 75% ar an bhfeirm go ginearálta agus 25% ar an teaghlach.

(vi) Tá soláthar le déanamh do dhímheas orthu seo a leanas:
Feithiclí agus Innealra ar ráta 10% den chostas sa bhliain.
Talamh agus Foirgnimh de réir 2% sa bhliain. (Chosain an talamh €175,000.)

(vii) Ar 31/12/2014 bhí seic Bainne €1,500 dlite, bhí €450 dlite do Chreidiúnaithe ar leasachán agus b'fhiú €560 an Stoc Breosla.

**Iarrtar ort**:

**(a)** Ráiteas Caipitil don fheirm ar 01/01/2014 a ullmhú. (20)

**(b)** Cuntas Anailíse Fiontair do 'Eallach agus Bainne' agus 'Caoirigh' don bhliain dar críoch 31/12/2014 a ullmhú. (20)

**(c)** Cuntas Ginearálta Brabúis & Caillteanais don bhliain dar críoch 31/12/2014 a ullmhú. (10)

**(d)** Cuntas Tarraingtí Mhuintir Uí Dhálaigh a ullmhú. (5)

**(e)** (i) Cad chuige a n-ullmhaíonn feirmeoir Cuntas Ginearálta Brabúis & Caillteanais?
(ii) Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a bhaineann le cuntais anailíse fiontair a ullmhú d'fheirm. (5)

**(60 marc)**

**ROINN 2 (200 marc)**
Freagair **DHÁ** cheist ar bith

**5. Léirmhíniú ar Chuntais**

Baineadh na figiúirí seo a leanas as Cuntais Chríochnaitheacha GJ cpt, déantóir san earnáil phróiseála bia, don bhliain dar críoch 31/12/2014. Tá caipiteal údaraithe de €900,000 ag an gcuideachta atá comhdhéanta de 800,000 gnáthscair ar €1 an ceann agus 100,000 scair thosaíochta 5% ar €1 an ceann. Tá 650,000 gnáthscair agus na scaireanna tosaíochta 5% go léir eisithe ag an ngnólacht cheana féin.

| **Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar críoch 31/12/2014** | |
|---|---|
| | **€** |
| Díolacháin | 878,000 |
| Costas earraí a díoladh | (720,000) |
| Speansais oibriúcháin don bhliain | (90,000) |
| Ús | (14,000) |
| Glanbhrabús | 54,000 |
| Díbhinní íoctha | (44,000) |
| Brabús coinnithe | 10,000 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2014 | 15,000 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 31/12/2014 | 25,000 |

**Cóimheasa agus eolas don bhliain dar críoch 31/12/2013**

| | |
|---|---|
| Tuilleamh in aghaidh na gnáthscaire | 9.1c |
| Díbhinn in aghaidh na gnáthscaire | 8.0c |
| Cumhdach úis | 6 huaire |
| Mearchóimheas | 0.90 le 1 |
| Toradh ar chaipiteal in úsáid | 8.2% |
| Luach margaidh gnáthscaire | €0.97 |
| Giaráil | 28% |

| **Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2014** | **€** | **€** |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | 855,000 |
| Infheistíochtaí (luach margaidh ar 31/12/2014 – €100,000) | | 110,000 |
| | | 965,000 |
| **Sócmhainní Reatha** (stoc €51,500 agus | | |
| féichiúnaithe €80,000 san áireamh) | 131,500 | |
| **Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain** | | |
| Creidiúnaithe Trádála | (121,500) | 10,000 |
| | | 975,000 |
| **Maoinithe ag** | | |
| Bintiúir 7% (Faoi urrús 2016) | | 200,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | |
| Gnáthscaireanna @ €1 an ceann | 650,000 | |
| Scaireanna tosaíochta 5% @ €1 an ceann | 100,000 | |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais | 25,000 | 775,000 |
| | | 975,000 |

Luach margaidh gnáthscair amháin **€0.95 ar 31/12/2014**.

**(a)** **Iarrtar ort iad seo a leanas a ríomh do 2014**: (déan an t-áireamh go **dhá** aonad dheachúlacha de réir mar is cuí).

(i) An stoc tosaigh más é ráta láimhdeachais an stoic bunaithe ar an meánstoc ná 12.
(ii) An tuilleamh in aghaidh na scaire.
(iii) An toradh díbhinne.
(iv) Cóimheas praghais le tuilleamh.
(v) An cumhdach úis. (50)

**(b)** Infheisteoir is ea Tomás Ó Murchú atá ag smaoineamh ar 150,000 de na scaireanna atá eisithe ag GJ cpt cheana féin a cheannach ar 90c an ceann. Tá sé i gceist aige €50,000 dá choigilteas féin a úsáid agus gheobhadh sé an chuid eile ar iasacht ag ráta seasta 9%. D'iarr Tomás comhairle ortsa, Barra Ó Riain, Comhairleoir Airgeadais. Scríobh tuairisc chuig Tomás le do chuid moltaí. Bíodh cóimheasa ábhartha agus eolas eile san áireamh i do thuairisc. (40)

**(c)** Luaigh na teorainneacha atá le hanailís chóimheasa mar theicinic anailís airgeadais. (10)

**(100 marc)**

**6. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid**

Seo a leanas na Cláir Chomhardaithe do Ó Cuaig cpt, mar a bhí ar 31/12/2013 agus 31/12/2014.

| **Cláir Chomhardaithe mar a bhí ar** | **31/12/2014** | | **31/12/2013** | |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Costas | 640,000 | | 470,000 | |
| Lúide dímheas carntha | (200,000) | 440,000 | (80,000) | 390,000 |
| **Sócmhainní Airgeadais** | | | | |
| Infheistíochtaí ar a gcostas | | 100,000 | | 200,000 |
| **Sócmhainní Seasta** | | | | |
| Stoc | 350,000 | | 295,000 | |
| Féichiúnaithe | 170,000 | | 110,000 | |
| Lúide soláthar in aghaidh drochfhiach | (8,500) | | (5,500) | |
| Urrúis Rialtais | 56,000 | | ---------- | |
| Airgead Tirim | 34,000 | | 60,000 | |
| | 601,500 | | 459,500 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: **suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain** | | | | |
| Creidiúnaithe trádála | 202,000 | | 235,000 | |
| Banc | 18,000 | | 31,000 | |
| Cáin | 55,000 | | 47,000 | |
| | 275,000 | 326,500 | 313,000 | 146,500 |
| | | 866,500 | | 736,500 |
| **Maoinithe ag** | | | | |
| **Creidiúnaithe**: **suimeanna dlite tar éis níos mó ná aon bhliain amháin** | | | | |
| Bintiúir 10% | | 180,000 | | 130,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | |
| Gnáthscaireanna @ €1 an ceann | 310,000 | | 250,000 | |
| Scairbhiseach | 15,000 | | --------- | |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | 361,500 | 686,500 | 356,500 | 606,500 |
| | | 866,500 | | 736,500 |

Tá an t-eolas seo a leanas ar fáil freisin:

1. Eisíodh 60,000 scair ar €1.25 an scair.
2. Sócmhainní seasta a chosain €50,000, agus ar soláthraíodh dímheas iomlán de €25,000 ina leith, díoladh ar €30,000 iad.
3. Eisíodh Bintiúir €50,000 ar 01/01/2014.
4. Íocadh díbhinní de luach €55,000 san iomlán le linn na bliana.
5. Gearradh cáin €65,000 ar bhrabúis na bliana 2014.
6. Infheistíochtaí a chosain €100,000, díoladh ar airgead tirim iad ar a luach de réir na leabhar.

**Iarrtar ort**:

**(a)** (i) Cuntas Brabúis agus Caillteanais Giorraithe a ullmhú chun an brabús oibriúcháin don bhliain dar críoch 31/12/2014 a fháil.

(ii) Ráiteas ar Shreabhadh Airgid le haghaidh Ó Cuaig cpt don bhliain dar críoch 31/12/2014 a ullmhú, ráitis Imréitigh san áireamh. (88)

**(b)** (i) Tabhair breac-chuntas ar na cuspóirí atá le ráitis faoi shreabhadh airgid.

(ii) Mínigh cén fáth gur tháinig ísliú ar iarmhéid airgid na cuideachta bíodh is gur tuilleadh brabús i rith 2014. (12)

**(100 marc)**

## 7. Taifid Neamhiomlána

Ar 01/01/2014, cheannaigh A. Ó Murchú gnólacht ar €220,000 a chuimsigh na sócmhainní inláimhsithe agus na dliteanais seo a leanas: Áitreabh €180,000; Stoc €17,000; Féichiúnaithe €18,000; Árachas 3 mhí réamhíoctha ar an Áitreabh €1,200; Creidiúnaithe Trádála €22,500; Pá dlite €1,800 agus Airgead Tirim €400.

Le linn 2014 níor choinnigh Ó Murchú sraith iomlán cuntas ach bhí sé in ann an t-eolas seo a leanas a chur ar fáil ar 31/12/2014.

| | |
|---|---|
| Íocaíochtaí Airgid: | Lóisteálacha €110,000, Speansais Ghinearálta €45,800, Ceannacháin €86,200. |
| Íocaíochtaí Bainc: | Creidiúnaithe €42,100, Solas agus Teas €6,800, Ús €1,500, Préimh bhliantúil Árachais ar an Áitreabh €3,800, Buanordú do Chumann Carthanachta €3,000, Veaineanna Seachadta €35,200. |
| Lóisteálacha Bainc: | Féichiúnaithe €34,000, Airgead Tirim €110,000, Díbhinní €4,000. |

Gach seachtain i rith na bliana thóg Ó Murchú earraí dar luach €100 as an stoc agus airgead €120 le haghaidh speansais teaghlaigh.

Thóg Ó Murchú €120,000 ar iasacht ar 01/09/2014 agus baineadh úsáid as cuid de chun seomra taispeántais béal dorais a cheannach ar chostas €90,000. Úsáideadh an chuid eile den iasacht chun troscán a cheannach. Socraíodh go n-íocfadh Ó Murchú ús ar lá deiridh gach míosa de réir ráta 5% sa bhliain. Bhí an tsuim chaipitil le haisíoc ina cnapshuim sa bhliain 2022 agus, chun soláthar a dhéanamh dó seo, bhí an banc le €1,250 a aistriú ar lá deiridh gach míosa ó chuntas gnó Uí Mhurchú go ciste infheistíochta ag tosú ar 30/09/2014.

Mheas Ó Murchú gur cheart 25% den troscán, 20% den ús *iníoctha* don bhliain agus 25% den solas agus teas a *úsáideadh* a chur i leith na roinne príobháidí den áitreabh.

Ar 31/12/2014 bhí earraí le luach díola €6,000 a díoladh ar cairde le marcáil suas de 20% dá gcostas nach ndearnadh iad a thaifeadadh sna leabhair. Eisíodh sonrasc chuig an bhféichiúnaí ar an dáta céanna. Bhí na hearraí sa trádstóras fós agus cuireadh san áireamh iad sa stoc ar deireadh.

Cuimsithe i sócmhainní agus dliteanais an ghnólachta ar 31/12/2014 bhí: Stoc €16,200, Féichiúnaithe €20,400, Creidiúnaithe Trádála €32,600, Airgead Tirim €600, Leictreachas dlite €380 agus €30 Úis a thuill an ciste go dáta.

**Iarrtar ort**:

**(a)** Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar críoch 31/12/2014.
**(Taispeáin do chuid oibre)** (52)

**(b)** Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2014. **(Taispeáin do chuid oibre)** (40)

**(c)** Mínigh 'Coincheap na bhFabhruithe' agus an fáth a bhfuil sé chomh tábhachtach i gcleachtas na Cuntasaíochta. (8)

**(100 marc)**

**ROINN 3 (80 marc)**
**Freagair ceist AMHÁIN**

**8. Luacháil Stoic agus Buiséadú Solúbtha**

**(a) Luacháil Stoic**

Siopa miondíola is ea Mac Seóin Teo. a cheannaíonn agus a dhíolann earra amháin. Baineann an t-eolas seo a leanas le ceannacháin agus le díolacháin don bhliain 2014.

| Tréimhse | Ceannacháin ar Creidmheas | Díolacháin ar Creidmheas | Díolacháin ar Airgead |
|---|---|---|---|
| 01/01/2014 – 31/03/2014 | 4,500 @ €6 an ceann | 1,200 @ €10 an ceann | 1,100 @ €11 an ceann |
| 01/04/2014 – 30/06/2014 | 2,400 @ €7 an ceann | 2,200 @ €11 an ceann | 1,400 @ €12 an ceann |
| 01/07/2014 – 30/09/2014 | 1,400 @ €6 an ceann | 1,400 @ €10 an ceann | 1,600 @ €13 an ceann |
| 01/10/2014 – 31/12/2014 | 2,600 @ €8 an ceann | 1,600 @ €11 an ceann | 1,100 @ €13 an ceann |

Ar 01/01/2014 bhí stoc tosaigh de 5,200 aonad ann @ €6 an ceann.

**Iarrtar ort**:
(i) An modh 'Is túisce isteach/Is túisce amach' (FIFO) a úsáid chun luach an stoic dheiridh a ríomh.
(ii) Cuntas trádála a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2014.
(iii) Tabhair breac-chuntas ar na himpleachtaí a bhaineann le luacháil neamhchruinn stoic.

**(b)** Déanann Ó Beoláin Teo. aon táirge amháin do thionscal na heitlíochta. Rinneadh taifead ar na costais táirgthe agus na leibhéil aschuir seo a leanas le linn Iúil, Lúnasa agus Mheán Fómhair 2014:

| Leibhéil Aschuir | **70%** | **85%** | **95%** |
|---|---|---|---|
| Aonaid | 21,000 | 25,500 | 28,500 |
| **Costais** | **€** | **€** | **€** |
| Ábhair Dhíreacha | 315,000 | 382,500 | 427,500 |
| Saothar Díreach | 231,000 | 280,500 | 313,500 |
| Forchostais Táirgeachta | 106,800 | 126,960 | 140,400 |
| Forchostais eile | 71,800 | 86,200 | 95,800 |
| Speansais riaracháin | 35,000 | 35,000 | 35,000 |
| | 759,600 | 911,160 | 1,012,200 |

Buiséadaíodh an brabús mar 20% de na díolacháin.

**Iarrtar ort**:
(i) Na **forchostais táirgeachta** agus na **forchostais eile** a roinnt ina ngnéithe seasta agus athraitheacha.
(ii) Buiséad Solúbtha a ullmhú do Leibhéal Gníomhaíochta 90% agus úsáid á baint as prionsabail na Costála Imeallaí, agus an cion tairbhe a thaispeáint.
(iii) Mínigh costais 'inrialaithe' agus 'dorialaithe' le samplaí.

**(80 marc)**

**9. Buiséadú Airgid**

Tá Reitreo Teo. ag réiteach le dul i mbun gnó ar 01/07/2016 agus rinneadh an réamhaisnéis seo a leanas don chéad sé mhí trádála:

| | **Iúil** | **Lúnasa** | **M. Fómh.** | **D. Fómh.** | **Samhain** | **Nollaig** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Díolacháin | 420,000 | 440,000 | 580,000 | 590,000 | 620,000 | 625,000 | 3,275,000 |
| Ceannacháin | 180,000 | 220,000 | 260,000 | 265,000 | 340,000 | 370,000 | 1,635,000 |

(i) Is é an praghas díola a bhfuil súil leis ná €50 an t-aonad.

(ii) Meastar go mbeidh an patrún bailiúcháin ó Fhéichiúnaithe mar seo a leanas:

**Custaiméirí Airgid** Gheofar 20% den ioncam ó dhíolacháin ar airgead síos agus lamhálfar lascaine airgid de 5%.

**Custaiméirí Creidmheasa** Gheofar 80% den ioncam ó dhíolacháin ó chustaiméirí creidmheasa. Íocfaidh na féichiúnaithe seo 50% dá gcuid billí sa mhí i ndiaidh díola agus an fuílleach sa dara mí i ndiaidh díola.

(iii) Meastar go mbeidh an patrún íocaíochta ó cheannacháin airgid mar seo a leanas:

**Soláthraithe Creidmheasa** Íocfar as 50% de na ceannacháin sa mhí i ndiaidh iad a cheannach nuair a gheofar lascaine airgid 2%. Íocfar as an gcuid eile de na ceannacháin sa dara mí i ndiaidh iad a cheannach.

(iv) Íocfar speansais an ghnólachta mar seo a leanas:

**Costais Mheasta** Pá €60,000 iníoctha gach mí de réir mar a thabhaítear iad.
Forchostais athraitheacha €10 in aghaidh an aonaid iníoctha de réir mar a thabhaítear iad.
Forchostais sheasta (dímheas san áireamh) €65,000 in aghaidh na míosa, iníoctha de réir mar a thabhaítear iad.

**Costais Chaipitiúla** Ceannófar trealamh ar chostas €42,000 ar 1 Iúil agus beidh saol úsáideach 5 bliana aige. Chun an trealamh sin a cheannach, gheofar iasacht €36,000 ar ús 6% sa bhliain. Beidh an tsuim chaipitil le haisíoc i 36 tráthchuid chothroma ag tosú ar 1 Lúnasa. Íocfar an t-ús do gach mí ar lá deiridh gach míosa, bunaithe ar mhéid na hiasachta fós le híoc ar an dáta sin.

**Iarrtar ort**:

**(a)** Buiséad airgid a ullmhú do na sé mhí Iúil go Nollaig 2016.
**(b)** Cuntas buiséadaithe brabúis agus caillteanais a ullmhú do na sé mhí dar gcríoch 31/12/2016.
**(c)** (i) Cad iad na roghanna atá ag (a) gnólacht a bhfuil barrachas airgid aige agus (b) gnólacht a bhfuil easnamh airgid air?
(ii) Ar bhonn an bhuiséid airgid atá ullmhaithe agat cén chomhairle a chuirfeá ar bhainistíocht Reitreo Teo.?

**(80 marc)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán